C/2025/2608

8.5.2025

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3) i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/2608)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis de chuid Ballstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, nós imeachta freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Mór / Móri'

PDO-HU-A1333-AM03

Dáta an iarratais: 16.2.2020

1. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Comhairle Phobail Fíona Réigiún Fíona Mór

Comhlacht poiblí a bhainistíonn an tásc geografach

2. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear**

☐ Ainm an táirge

☒ Catagóir an táirge fíniúna

☐ Nasc

☐ Srianta margaíochta

3. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna atá leis**

Na catagóirí táirgí mar atá fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramataigh ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach aeraithe a chur isteach

Léiríonn nósanna agus treochtaí tomhaltóirí go bhfuil gá leis na catagóirí táirgí sin a áireamh. Tá éileamh sa mhargadh ar tháirgí sna catagóirí sin le blianta beaga anuas. Léiríonn dálaí ithreach agus aeráide an réigiúin fíona agus forbairtí teicneolaíochta sna fíonlanna gur gá acmhainneacht na gcatagóirí táirgí sa réigiún a shaothrú, ar bhealach a rialáiltear go nádúrtha agus lena sainítear dálaí comhionanna do chách. Fágann forbairtí teicneolaíochta gur féidir ní hamháin fíon súilíneach traidisiúnta a tháirgeadh i réigiún fíona Mór ach gur féidir fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach aeraithe a tháirgeadh ann freisin.

Ceannteidil sa tsonraíocht táirge a ndéantar difear dóibh:

— II. Tuairisc ar na fíonta

— III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

— V. Uastáirgeacht

— VI. Cineálacha fíniúna atá ceadaithe

— VII. Nasc leis an limistéar geografach

— VIII. Coinníollacha breise

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Ceannteidil sa doiciméad aonair a ndéantar difear dóibh:

— Catagóirí na dtáirgí fíniúna

— Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta

— Cleachtais fhíoneolaíocha – Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

— Cleachtais fhíoneolaíocha – Uastáirgeacht

— Nasc leis an limistéar geografach

— Coinníollacha breise

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Mór / Móri

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

9. Fíon leathshúilíneach aeraithe

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍONÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fionnta)**

4.1. *Catagóir 1: Fíon*

4.1.1. Fíonta geala

Bíonn dath idir scothghlas geal, dath buí na tuí agus dath buí órga ar na fíonta geala, agus bíonn doimhneacht íseal go meánach i gceist leo. Is é is mó atá le brath as a gcumhracht ruainníní bláthacha lena n-áirítear acáise agus bláth na fíniúna, chomh maith le clochthorthaí aibí agus citreas. Tugann an blas aigéid úra bhríomhara, tathag measartha, agus blasanna clochthorthaí aibí agus citris, agus uigeacht olach ann go minic; tá saintréithe áirithe an chineáil follasach agus níl na blasanna a bhaineann leis an aosú i mbairillí róthréan.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.1.2. Fíonta rosé

Bíonn dath na bhfíonta rosé sa raon idir bándearg, corcairghorm agus dath an bhradáin agus dath chraiceann an oinniúin air mar aon le dath dearg éadrom. Tugann an chumhracht imireacha caor dearg éadrom agus stíl measartha agus óigeanta chun cuimhne. Tá an blas óigeanta agus is mó a bhaineann caora dearga leis, in éineacht le haigéid úra agus tathag éadrom.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.1.3. Fíonta dearga

Táirgtear na fíonta dearga mar fhíon ‘primőr’ [primeur] lena ngabhann próiseas maothaithe gearr (5-7 lá), atá le tomhailt laistigh den bhliain. Bíonn siad éadrom agus simplí agus cuireann siad caora dearga i gcuimhne ó thaobh bolaidh agus blais de. Bíonn dath dearg éadrom an rúibín orthu.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.1.4. Fíonta den scoth

Bíonn dath na bhfíonta seo sa raon idir ór agus ór aosaithe. Tá dea-bholaithe clochthorthaí aibí – fiú ró-aibí – ar an gcumhracht chomh maith le dea-bholadh spíosraí milse agus meala mar thoradh ar aosú, chomh maith le mianracht chlochach áirithe. Tá torthaíocht shuntasach na gclochthorthaí aibí ag an mblas chomh maith le haigéadacht shuntasach agus cion ard alcóil. Maidir le fíonta buainte go déanach agus buainte roghnaithe agus maidir le fíonta a dhéantar as fíonchaora rísínithe lena ngabhann an téarma traidisiúnta ‘den scoth’, is é 12,83 % an neart alcóil iomlán íosta de réir toirte, agus is é 2 g/l an aigéadacht luaineach uasta arna sloinneadh mar aigéad tartarach.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.2. *Catagóir 5: Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

4.2.1. Fíonta geala

Bíonn dath glas éadrom ar na fíonta súilíneacha seo agus scáileanna beaga órgabhuí orthu, agus bíonn cumhracht torthaí bia ghil acu (péitseog, úll, neachtairín, piorra). De ghnáth bíonn siad aigéadach, ach ní bhíonn siad géar. Soláthraíonn a gcuid aigéad bunús maith le haghaidh uigeacht an fhíona shúilínigh. Forbraítear le haosú na dea-bholaithe uachtarúla agus caomhnaíonn sé go hiomlán blasanna na dtorthaí aibí, amhail péitseog, úll, piorra agus fiú neachtairín.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.2.2. Fíonta rosé

Bíonn dath na bhfíonta sa raon ó dhath éadrom an bhradáin go dath scoth-bándearg, agus bíonn dath beagáinín corcra orthu uaireanta. Cuireann a gcumhracht torthaí bia dheirg i gcuimhne (silíní, silíní searbha, sméara dubha, fraocháin ghorma, sútha talún). Bíonn siad measartha dian, le haigéadacht láidir agus blasanna orthu a mbíonn caora dearga i dtreis iontu.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.3. *Catagóir 6: Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán*

4.3.1. Fíonta geala

D'fhéadfadh dath na bhfíonta a bheith sa raon idir glasbhuí éadrom agus buí órga. Is iad blasanna na bhfíonchaor aramatach is mó atá sa chumhracht, agus imireacha bláthacha óigeanta blátha fíniúna ann. Tá struchtúr aigéid idir measartha agus gléineach mar shaintréith ag an mblas, agus cibé acu tirim nó siúcra iarmharach is saintréith dó, taispeánann sé blasanna cumhra agus dea-bholaithe a chuireann torthaí bia ghil i gcuimhne.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	6
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.4. *Catagóir 9: Fíon leathshúilíneach aeraithe*

4.4.1. Fíonta geala

Bíonn dath an fhíona sa raon ó scothghlas geal go buí órga. Tugann an chumhracht blasanna torthaí citris agus clochthorthaí i gcuimhne. Cuireann an dé-ocsaíd charbóin thuaslagtha bhreise go mór le cumhrachtaí agus le blasanna an fhíona, rud a thugann braistint aigéid mheánach, ghalánta do na fíonta.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4.4.2. Fíonta rosé

Bíonn na fíonta rosé leathshúilíneacha aeraithe sa raon ó dhath craicinn éadrom oiniúin go dath dearg éadrom. Cuireann an chumhracht blasanna caora dearga in iúl. Cuireann an dé-ocsaíd charbóin thuaslagtha bhreise go mór le cumhrachtaí agus le blasanna an fhíona, rud a thugann braistint aigéid mheánach, ghalánta do na fíonta.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Fíon

Cleachtais fhíoneolaíocha

Ceadaítear preas uaineach fíona a úsáid

Cleachtais fhíoneolaíocha nach gceadaítear

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Ní cheadaítear milsiú ná saibhriú úrfhíona na bhfíonta den scoth.

Rialacha maidir le táirgeadh fíonchaor

Cleachtas saothraithe

Rialacha maidir le treorú na bhfíniúnacha: I gcás fíonghort a plandáladh roimh an 1 Lúnasa 2010, féadfar táirgí fíonlainne a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu a tháirgeadh ó fhíonchaora a bhaintear as fíonghoirt ag a bhfuil aon mhodh saothraithe a údaraíodh níos luaithe, ar choinníoll go leantar den táirgeadh san fhíonghort.

Rialacha maidir le treorú na bhfíniúnacha: Maidir le fíonghoirt a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2010: treorú cinn, cuachphrúnáil, scáth fearthainne, tródam íseal, tródam meán-ard, tródam ard

Rialacha maidir leis an ualach bachlóg san fhíonghort:

Ní cheadaítear fíon Mór a tháirgeadh ach amháin le haghaidh ualach uasta bachlóg mar atá 10 mbachlóg bheo in aghaidh an mhéadair chearnaigh.

Modh buainte:

Ceadaítear buaint de láimh agus mheicniúil i gcás na bhfíonta ATFC uile, na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, na bhfíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán agus na bhfíonta leathshúilíneacha aeraithe. Ní cheadaítear ach buaint de láimh le haghaidh fíonta den scoth.

Cion íosta siúcra nádúrtha agus neart alcóil féideartha na bhfíonchaor

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

I gcás fíonta geala, rosé agus dearga: 9,0 % de réir toirte – 14,9 i ngrád úrfhíona na hUngáire (Magyar mustfok — [MM°])

Maidir le fíonta geala a bhuantar go déanach agus buainte roghnaithe, fíonta geala a dhéantar as fíonchaora rísínithe agus fíonta den scoth, is é 216 g/lítear cion íosta siúcra nádúrtha na bhfíonchaor, is é 12,83 % de réir toirte agus 20 i ngrád úrfhíona na hUngáire ([MM°]) an neart alcóil féideartha.

Maidir le fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach aeraithe: 9,0 % de réir toirte – 14,9 i ngrád úrfhíona na hUngáire ([MM°])

Rialacha maidir le dáta na buainte

Cleachtas saothraithe

Dáta na buainte a shocrú:

Déanann comhairle an phobail fíona an dáta a chuirtear tús leis an mbuaint a shocrú tráth nach déanaí ná an 20 Lúnasa gach bliain. Ní féidir deimhniú tionscnaimh le haghaidh fhíon 'Mór/Móri' a dheonú d'aon táirge fíona a dhéantar as fíonchaora a bhuantar roimh dháta tosaigh na buainte arna shocrú ag comhairle an phobail fíona agus ní féidir é a mhargú trí úsáid a bhaint as lipéad an ATFC. Foilsítear dáta na buainte i bhfoirm fógra a dhéanann na pobail fíona. I gcás imthosca eisceachtúla (e.g. aimsir nó ionfhabhtú) féadfar maolú ar an méid thuas a cheadú.

Rialacha maidir le cineálacha léiriú:

Déantar léiriú an chineáil, agus léiriú a chomhchiallach, mar a shainítear sa reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir le haicmiú cineálacha fíniúna atá oiriúnach don fhíonóireacht a cheadú i gcás táirgí fíona Mór d'aon chatagóir, ach sin faoi réir na srianta agus na míreanna breise seo a leanas:

a. I gcás ina léirítear cineál amháin, ní mór gur as an gcineál sin a dhéantar 85 % den táirge.

b. I gcás ina léirítear roinnt cineálacha in iúl, ní mór gur as na cineálacha a léirítear a dhéantar 100 % den táirge.

c. Ní cheadaítear cineál a léiriú i gcás fíonta Mór a idirdhealaítear leis an nath srianta 'Muskotály' [Muscat].

b. *Uastáirgeacht*

Fíon – geal, rosé, dearg

100 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13 600 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Fíon – Fíon den scoth

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8 500 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Fíon – Fíon den scoth – Fíonta buainte go déanach agus fíonta buainte roghnaithe

45 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8 000 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Fíon – Fíon den scoth – Fíonta a dhéantar as fíonchaora rísínithe

20 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5 000 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach aeraithe

100 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13 600 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Maidir le fíonchaora de thionscnamh fíonghort ar le limistéir bhardais Csákberény, Csókakő, Mór, Pusztavám, Söréd agus Zámoly i gContae Fejér iad, is é sin, fíonchaora a aicmítear mar Aicme I agus mar Aicme II de an réir chadastair fíonghort (réigiún fíona Mór), féadfar iad a úsáid chun táirgí fíona ar a bhfuil an ATFC 'Mór/Móri' a tháirgeadh.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

cabernet franc – cabernet
cabernet franc – carbonet
cabernet franc – carmenet
cabernet franc – gros cabernet
cabernet franc – gros vidur
cabernet franc – kaberne fran
cabernet sauvignon
chardonnay – chardonnay blanc
chardonnay – kereklevelű
chardonnay – morillon blanc
chardonnay – ronci bilé
cserszegi fűszeres
ezerjó – kolmreifler
ezerjó – korponai
ezerjó – szadocsina
ezerjó – tausendachtgute
ezerjó – tausendgute
ezerjó – trummertraube
generosa
irsai olivér – irsai
irsai olivér – muskat olivér
irsai olivér – zolotis
irsai olivér – zolotisztüj rannüj
királyleánka – dánosi leánka
királyleánka – erdei sárga
királyleánka – feteasca regale
királyleánka – galbena de ardeal
királyleánka – königliche mädchentraube
királyleánka – königstochter
királyleánka – little princess
kékfrankos – blauer lemberger
kékfrankos – blauer limberger
kékfrankos – blaufränkisch
kékfrankos – limberger
kékfrankos – moravka
leánka – dievcenske hrozno
leánka – feteasca alba
leánka – leányszőlő
leánka – mädchentraube
merlot
olasz rizling – grasevina
olasz rizling – nemes rizling
olasz rizling – olaszrizling

olasz rizling – riesling italien
olasz rizling – risling vlassky
olasz rizling – taljanska grasevina
olasz rizling – welschrieslig
ottonel muskotály – miszket otonel
ottonel muskotály – muscat ottonel
ottonel muskotály – muskat ottonel
pinot blanc – fehér burgundi
pinot blanc – pinot beluj
pinot blanc – pinot bianco
pinot blanc – weissburgunder
pinot noir – blauer burgunder
pinot noir – kisburgundi kék
pinot noir – kék burgundi
pinot noir – kék rulandi
pinot noir – pignula
pinot noir – pino csernüj
pinot noir – pinot cernii
pinot noir – pinot nero
pinot noir – pinot tinto
pinot noir – rulandski modre
pinot noir – savagnin noir
pinot noir – spätburgunder
rajnai rizling – johannisberger
rajnai rizling – rheinriesling
rajnai rizling – rhine riesling
rajnai rizling – riesling
rajnai rizling – riesling blanc
rajnai rizling – weisser riesling
rizlingszilváni – müller thurgau
rizlingszilváni – müller thurgau bijeli
rizlingszilváni – müller thurgau blanc
rizlingszilváni – rivaner
rizlingszilváni – rizvanac
sauvignon – sauvignon bianco
sauvignon – sauvignon bijeli
sauvignon – sauvignon blanc
sauvignon – sovinjon
syrah – blauer syrah
syrah – marsanne noir
syrah – serine noir
syrah – shiraz
syrah – sirac
szürkebarát – auvergans gris

szürkebarát – grauburgunder

szürkebarát – graumönch

szürkebarát – pinot grigio

szürkebarát – pinot gris

szürkebarát – ruländer

sárga muskotály – moscato bianco

sárga muskotály – muscat blanc

sárga muskotály – muscat bélüj

sárga muskotály – muscat de frontignan

sárga muskotály – muscat de lunel

sárga muskotály – muscat lunel

sárga muskotály – muscat sylvaner

sárga muskotály – muscat zlty

sárga muskotály – muskat weisser

sárga muskotály – weiler

sárga muskotály – weisser

tramini – gewürtztraminer

tramini – roter traminer

tramini – savagnin rose

tramini – tramin cervené

tramini – traminer

tramini – traminer rosso

zenit

zöld veltelíni – grüner muskateller

zöld veltelíni – grüner veltliner

zöld veltelíni – veltlinské zelené

zöld veltelíni – zöldveltelíni

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tuairisc ar an limistéar críochaithe

Tá réigiún fíona Mór ar cheann de na réigiúin fíona stairiúla is lú de chuid na hUngáire, agus tá sé suite ar thaobh Vértes den Ghleann Mór, atá cuachta idir Cnoic Vértes agus Bakony i gContae Fejér.

Bíonn tionchar ag an nGleann Mór ar mhiocraeráid agus ar ghnáth-threo na gaoithe atá i réim sa réigiún fíona, agus is éasclíne theicteonach idir Cnoic Bakony agus Vértes an Gleann Mór. Rinneadh saintréithe moirfeolaíocha an lae inniu a chinneadh trí fhoirmiú dromchla sa Ré Phléicéineach Dhéanach agus sa Tréimhse Cheathartha, a tháirg cnapáin ar a bhfuil caipíní gairbhéil, iomairí fada agus leathana, agus peidiméidí de chineál garbh agus ar a bhfuil fánaí réidhe. Is sliabhraon meánach carstach é an Vértes lena ngabhann struchtúr *horst* agus *graben*.

D'fhorbair ithir dhonn na foraoise, ina bhfuil inláisteadh cré, agus an ithir dhonn den chuid is mó ar lós agus é measctha le smionagar aolchloiche agus gaineamh Olagaicéineach. Tá an dolaimít agus an aolchloch cumhdaithe le hithreacha reinsíne.

Tá an aeráid oiriúnach chun fíniúnacha a fhás, cé go bhfuil sé níos fuaire ná an meán. Bíonn an geimhreadh cineálta, agus gluaiseacht aeir suntasach ann feadh na bliana. Bíonn an ghrian ag taitneamh ar fhormhór na bhfíonghort feadh an tsamhraidh. Is é 10 °C an mheánteocht bhliantúil. Saintréithe de chuid an limistéir is ea iad dálaí measartha solais agus 600-650 mm frasaíochta. Titeann an chuid is mó den bháisteach i rith an tsamhraidh agus an chuid is lú i mí Feabhra agus i mí an Mhárta. Gaotha aniar aduaidh is gnách a bhíonn ann. De ghnáth, bíonn an aimsir measartha fionnuar agus measartha fliuch.

8.1. *Fíon (1)*

8.1.1. Tosca daonna

Ní ceadmhach ualach na mbachlóg sna fíonghoirt a bheith níos mó ná 10 mbachlóg in aghaidh an mhéadair chearnaigh. Tá ról tábhachtach ag srianta ar tháirgeacht in uathúlacht agus i gcáilíocht na dtáirgí. I gcás roinnt cineálacha fíona, a ndéantar roghnú san fhíonghort ina leith agus ar critéar ina leith iomláine, ní cheadaítear ach buaint de láimh, i gcás ina bhfuil ról tábhachtach ag eolas agus taithí an duine le linn an t-amhábhar ceart a roghnú. Ní de réir traidisiúin amháin a chinntear na buainte ach is iad na fíoncheannaithe áitiúla a chinneann é, sula bhfoilsítear é, ar bhonn a saineolais ghairmiúil. I gcás ina n-úsáidtear an téarma 'muskotály' [muscat], ní mór forlámhas a bheith ag cineálacha aramatacha (85 % ar a laghad). Áiritheoidh sé sin cumhracht aramatach an fhíona.

8.1.2. An nasc idir an limistéar táirgeachta, tosca daonna agus na táirgí

A bhuí le tosca nádúrtha agus daonna an limistéir gheografaigh, tá fíonta a bhfuil cáil náisiúnta orthu á dtáirgeadh i réigiún fíona Mór leis na céadta blianta.

D'fhorbair an mhéisea-aeráid fhabhrach agus an mhiocraeráid fhabhrach ar fhánaí thiar theas na sléibhte agus na gcnoc dálaí maithe fáis go háitiúil.

Is mór an buntáiste é cineál sonrach 'feanntach' an ghleanna chun srian a chur le galair fhungasacha fíniúna, chun rioscaí seaca a laghdú nó a sheachaint nó a minicíocht a láimhseáil. I measc nithe tairbhiúla eile, áirítear nochtadh fabhrach agus úsáid shármhaith sholas na gréine ar na fánaí géara thiar theas ar imeall an Ghleanna Mór. Tá a gcarachtar sainiúil ag fíonta Mór freisin mar gheall ar chion aoil measartha ard na n-ithreacha.

Tá réimse leathan saintréithe traidisiúnta uathúla ag gabháil le saothrú fíonchaor agus ag fíonóireacht sa réigiún, ar saintréithe iad atá ríthábhachtach maidir lena n-éifeachtaí fadtéarmacha. Ar an gcéad dul síos, is féidir na difríochtaí suntasacha i saothrú fíniúnacha agus i bpróiseáil fíonchaor i gcomparáid le réigiúin fíona eile, a chur i leith na gcleachtas saothrúcháin a thug na lonnaitheoirí a labhair Gearmáinis leo óna réigiúin dhúchásacha; ar an dara dul síos, is féidir iad a chur i leith na manach Caipisíneach a thug isteach modhanna nua fíonsaothrúcháin agus fíonóireachta; agus sa tríú dul síos, is féidir iad a chur i leith na saintréithe sin a bheith forbartha go háitiúil agus ar leith ó shaintréithe eile an tráth sin.

Baineann fíonghoirt a shaothraítear go traidisiúnta úsáid fós as prúnáil 'maol' agus treorú cinn maille le cuaillí, atá tipiciúil sa réigiún fíona, agus arb é is aidhm dó na triopaill ar na plandaí a thabhairt níos gaire don ithir, a éiríonn níos teo i rith an lae, agus ar an gcaoi sin áirithítear aibiú maith agus cáilíocht níos fearr. Cloíonn táirgeoirí fhíon Mór leis an gcur chuige saothraithe seo go dtí an lá atá inniu ann. Féachann gach saothróir fíona sa réigiún le modhanna treoraithe fíniúna ísle a choinneáil ar bun.

Chomh maith leis sin, cuidíonn díbhachlógú cúramach leis na bachlóga a leathadh go cothrom, rud a rannchuidíonn le fás fíonchaor sláintiúil, slán, arb é is tábhachtaí maidir le fíonta torthaíocha Mór a tháirgeadh.

Tá an t-amhábhar a tháirgtear ar an mbealach sin an-oiriúnach le haghaidh aibiú níos faide fíonta den scoth, mar shampla, a dhéantar go traidisiúnta sa réigiún fíona a úsáideann cascaí. Tá sé seo amhlaidh toisc go gceadaíonn an t-achar dromchla níos lú aibiú níos faide i mbairillí adhmaid.

8.2. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán (5)*

8.2.1. Tuairisc ar an bhfíon súilíneach ar ardchaighdeán

Is saintréithe de na fíonta súilíneacha a tháirgtear i réigiún fíona Mór, gan beann ar a ndath, aigéadacht, úire, beocht agus torthaíocht atá beoga ach nach bhfuil iomarcach. Tugann an t-aibiú blasanna príomhúla brioscaí agus ime agus aigéad maothlach d'fhíonta súilíneacha ar ardchaighdeán Mór.

Chomh maith leis an gcineál fíona ba thábhachtaí de chuid an réigiúin fíona, agus le trádmharc an réigiúin fíona, go dtí na 1950í, is é sin, an Ezerjó, tá roinnt cineálacha fíonchaor, geal den chuid is mó, tar éis teacht chun cinn ó shin de bhreis ar an Ezerjó. Áirítear ina measc sin Zöld veltelíni, Rajnai rizling, Chardonnay, Királyleánynka, Sauvignon agus Pinot Noir. Is é an Ezerjó fós an cineál is tábhachtaí de chuid an réigiúin fíona ar cineál é a fhástar ar bheagnach an tríú cuid den limistéar. Léiríonn struchtúr an chineáil gurb amhlaidh, in éineacht leis an Ezerjó, go bhfuil cineálacha eile a úsáidtear chun fíonta súilíneacha traidisiúnta a tháirgeadh, mar shampla, Chardonnay agus Pinot Noir, tagtha chun cinn sa réigiún fíona freisin.

A bhuí leis na cineálacha nua sin agus leis an Ezerjó traidisiúnta, tuigtear sa lá atá inniu ann go n-áiríonn fíonta súilíneacha Mór fíonta súilíneacha torthaíocha agus úra a bhfuil aigéadacht mhaith acu, rud a sheasann d'éifeachtaí aosaithe.

8.2.2. Tosca daonna

Tá fíonchaora a tháirgtear i réigiún fíona Mór an-oiriúnach chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh. Le tamall fada de bhlianta, tá blas íon na bhfíonchaor a fhástar ar ithreacha cailcreacha agus aigéid ghléineacha úra na bhfíonta tar éis aird táirgeoirí fíona shúilínigh a tharraingt ar an réigiún fíona. Mar thoradh air sin, de bhreis ar Etyek, chuir réigiún fíona Mór cainníochtaí suntasacha fíonchaor ar fáil mar amhábhar don táirgeoir fíona shúilínigh is mó sa tír le blianta beaga anuas, agus sna 1970idí agus sna 1980idí tháirg Feirm Stáit Mór a fíon súilíneach brandáilte féin fiú ar a dtugtar 'Corvinus'. Mar gheall ar cháilíocht an fhíona shúilínigh, ní hamháin go raibh an chuideachta in ann freastal ar an margadh intíre, ach bhí sí in ann dul isteach i margaí onnmhairiúcháin freisin.

Tar éis fhoirceannadh na Feirme Stáit, cuireadh isteach go gairid ar tháirgeadh fíona shúilínigh; mar sin féin, agus leas á bhaint as taithí ghairmiúil roimhe sin, in éineacht le teicneolaíocht úrscothach, tá fíon súilíneach á tháirgeadh arís sa réigiún fíona. Eascaítear é sin freisin leis an athrú ar struchtúr an chineáil sa réigiún fíona, le teacht chun cinn Chardonnay agus le teacht chineál Pinot Noir, ar amhábhar sármhaith é freisin le haghaidh fíon súilíneach.

Ní fhéadtar ach fíonta súilíneacha geala agus rosé ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Ní mór iad a choipeadh i mbuidéil chun boilgeoga mhíne aonfhoirmeacha a áirithiú.

8.2.3. An nasc idir an limistéar táirgeachta, tosca daonna agus na táirgí

A bhuí le tosca nádúrtha agus daonna na timpeallachta geografaí, tá fíonta iomráiteacha náisiúnta táirgthe i réigiún fíona Mór leis na céadta bliain.

D'fhorbair an mhéisea-aeráid fhabhrach agus an mhiocraeráid fhabhrach ar fhánaí thiar theas na sléibhte agus na gcnoc dálaí maithe fáis go háitiúil.

Is mór an buntáiste é cineál sonrach 'feanntach' an ghleanna chun srian a chur le galair fhungasacha fíniúna, chun rioscaí seaca a laghdú nó a sheachaint nó a minicíocht a láimhseáil. I measc nithe tairbhiúla eile, áirítear nochtadh fabhrach agus úsáid shármhaith sholas na gréine ar na fánaí géara thiar theas ar imeall an Ghleanna Mór. Tuilleann fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán Mór a gcarachtar sainiúil freisin ón gcion aoil measartha ard atá ann sna hithreacha.

Tá réimse leathan gnéithe traidisiúnta ag baint le saothrú fíniúnacha sa réigiún fíona, amhail treorú íseal fíniúna agus díbhachlógú cúramach, rud a chabhraíonn leis na bachlóga a leathadh go cothrom. Rannchuidíonn sé sin le fás fíonchaor sláintiúil slán, arb amhlaidh ina leith, a bhuí leis an modh saothraithe agus leis an nochtadh maith, go n-aibíonn siad níos luaithe trí úsáid níos fearr a bhaint as solas na gréine, agus, ag an am céanna, trína n-aigéadacht áitiúil agus a dtorthaíocht shainiúil á gcoinneáil ar bun, ar ceann de na nithe is tábhachtaí é maidir le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán Mór a tháirgeadh. Tá traidisiúin agus saineolas na dtáirgeoirí áitiúla chomh ríthábhachtach céanna, agus is nithe iad sin a chuidíonn le húire agus beocht na mbunfhíonta a chaomhnú le linn an phróisis táirgthe fíona shúilínigh, rud a chruthaíonn cáilíocht shonrach fhíon súilíneach ar ardchaighdeán Mór.

8.3. *Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán (6)*

8.3.1. Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán – Tuairisc

Bíonn dath sa raon ó glasbhuí éadrom go buí órga ar na fíonta. Is iad na príomhbhlasanna atá ann na himireacha príomhúla torthaíocha agus bláthacha a dhíorthaítear ó chineálacha fíonchaor aramatach. Soláthraíonn an aigéadacht mheánach nó ghléineach láidreacht iomchuí le haghaidh fíonta ag a bhfuil siúcra iarmharach agus deabholaithe a chuireann torthaí bia ghil i gcuimhne.

Is é an Ezerjó an cineál is coitianta sa réigiún fíona; fástar é ar bheagnach an tríú cuid den limistéar; mar sin féin, tá cineálacha aramatacha tagtha chun cinn freisin le blianta beaga anuas. Is iad na fíonghoirt óga sin den chuid is mó an bonn chun fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

8.3.2. Tosca daonna

Tá traidisiún a mhaireann roinnt deicheanna blianta ag réigiún fíona Mór maidir le cineálacha fíonchaor aramatach a fhás. Is mór-chineálacha de chuid an réigiúin fíona iad Irsai Olivér, Ottonel muskotály, Cserszegi fűszeres agus Tramini le blianta fada anuas. D'athraigh blasanna fíona le 10 mbliana anuas aird shaineolaithe Mór chuig cineálacha aramatacha, agus bhí éilimh ann go gcruthófaí catagóirí táirgí nua i dtaca le fíonóireacht de. Mar gheall ar fhorbairt leanúnach, de chineál teicneolaíoch agus gairmiúil, ar na fíonlanna le blianta beaga anuas, is féidir fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán a tháirgeadh sa réigiún, agus é coipthe go díreach ó úrfhíon. Cuidíonn cion alcóil níos ísle le húire a choinneáil. Rinneadh sainroghnú ar na cineálacha údaraithe, rud a thug a saintréithe aramatacha, cumhra dóibh.

8.3.3. An nasc idir an limistéar táirgeachta, tosca daonna agus na táirgí

A bhuí le tosca nádúrtha agus daonna na timpeallachta geografaí, tá fíonta iomráiteacha náisiúnta táirgthe i réigiún fíona Mór leis na céadta bliain.

D'fhorbair an mhéisea-aeráid fhabhrach agus an mhiocraeráid fhabhrach ar fhánaí thiar theas na sléibhte agus na gcnoc, dálaí maithe fáis go háitiúil.

Is mór an buntáiste é cineál sonrach 'feanntach' an ghleanna chun srian a chur le galair fhungasacha fíniúna, chun rioscaí seaca a laghdú nó a sheachaint nó a minicíocht a láimhseáil. I measc nithe tairbhiúla eile, áirítear nochtadh fabhrach agus úsáid shármhaith sholas na gréine ar na fánaí géara thiar theas ar imeall an Ghleanna Mór. An cion aoil measartha ard sna hithreacha is cúis freisin le carachtar sainiúil na bhfíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán Mór.

Tá réimse leathan gnéithe traidisiúnta ag baint le saothrú fíniúnacha sa réigiún fíona, amhail treorú íseal fíniúna agus díbhachlógú cúramach, rud a chabhraíonn leis na bachlóga a leathadh go cothrom. Rannchuidíonn sé sin le fás fíonchaor sláintiúil, slán, arb amhlaidh ina leith, a bhuí leis an modh saothraithe agus leis an nochtadh maith, go n-aibíonn siad níos luaithe, trí úsáid níos fearr a bhaint as solas na gréine agus, ag an am céanna, trína n-aigéadacht shaintréitheach áitiúil agus a dtorthaíocht shainiúil á gcoinneáil ar bun, ar ceann de na nithe is tábhachtaí é maidir le fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán Mór a tháirgeadh. Tá saineolas na dtáirgeoirí áitiúla chomh ríthábhachtach céanna, ar rud é a chuidíonn le húire agus le beocht na mbunfhíonta a chaomhnú le linn phróiseas táirgthe fíona shúilínigh, rud a chruthaíonn cáilíocht shonrach fhíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán Mór.

8.4. *Fíon leathshúilíneach aeraithe (9)*

8.4.1. Fíonta leathshúilíneacha aeraithe – Tuairisc

Is é an Ezerjó an cineál is coitianta sa réigiún fíona; fástar é ar bheagnach an tríú cuid den limistéar; mar sin féin, tá cineálacha aramatacha tagtha chun cinn freisin le blianta beaga anuas. I gcás fíonta leathshúilíneacha aeraithe Mór, soláthraíonn cineálacha traidisiúnta Mór amhail Ezerjó láidreacht aigéadach oiriúnach, agus tugann na cineálacha aramatacha an chumhracht cheart agus an chastacht dea-bholaidh cheart. Tarraingítear aird ar shaibhreas seo na cumhrachta agus an dea-bholaidh mar gheall ar an dé-ocsaíd charbóin bhreise, a fhoinsítear go páirteach nó go hiomlán go seachtrach.

Bíonn cumhracht thorthaíoch ag fíonta leathshúilíneacha aeraithe Mór, agus bíonn siad bríomhar agus aigéadacht ghalánta acu gan beann ar a ndath. Cuireann an dé-ocsaíd charbóin tuaslagtha bhreise go mór le cumhrachtaí agus blasanna an fhíona.

8.4.2. Tosca daonna

Ba iad fíonta leathshúilíneacha aeraithe an chéad chatagóir táirge eile chun fréamhacha a leagan síos i réigiún fíona Mór i ndiaidh fíonta agus fíonta súilíneacha. Tuilleann siad a rath ó shaineolas glúine níos óige déantóirí fíona áitiúla agus ó fhorbairt theicneolaíoch na bhfíonlann. Is as cineálacha aramatacha go bunúsach a dhéantar fíonta leathshúilíneacha aeraithe Mór, ach ceadaítear cineálacha clasaiceacha an réigiúin fíona freisin, rud a chuireann láidreacht aigéadach mhaith ar fáil do na táirgí atá á ndéanamh. Déantar an bhuaint sa chéad chéim d'aibíocht fhiseolaíoch, agus déanann táirgeoirí a seacht ndícheall, le linn phróiseáil na bhfíonchaor agus le linn phróiseáil na fíonóireachta, chun príomh-dhea-bholaithe na bhfíonchaor a chaomhnú.

8.4.3. An nasc idir an limistéar táirgeachta, tosca daonna agus na táirgí

A bhuí le tosca nádúrtha agus daonna na timpeallachta geografaí, tá fíonta iomráiteacha náisiúnta táirgthe i réigiún fíona Mór leis na céadta bliain.

D'fhorbair an mhéisea-aeráid fhabhrach agus an mhiocraeráid fhabhrach ar fhánaí thiar theas na sléibhte agus na gcnoc, dálaí maithe fáis go háitiúil.

Is mór an buntáiste é cineál sonrach 'feanntach' an ghleanna chun srian a chur le galair fhungasacha fíniúna, chun rioscaí seaca a laghdú nó a sheachaint nó a minicíocht a láimhseáil. I measc nithe tairbhiúla eile, áirítear nochtadh fabhrach agus úsáid shármhaith sholas na gréine ar na fánaí géara thiar theas ar imeall an Ghleanna Mór. An cion aoil measartha ard sna hithreacha is cúis freisin le carachtar sainiúil na bhfíonta leathshúilíneacha aeraithe Mór.

Tá réimse leathan gnéithe traidisiúnta ag baint le saothrú fíniúnacha sa réigiún fíona, amhail treorú fíniúna íseal agus díbhachlóg cúramach, rud a chabhraíonn leis na bachlóga a scaipeadh go cothrom. Rannchuidíonn sé sin le fás fíonchaor sláintiúil, slán arb amhlaidh ina leith, a bhuí leis an modh saothraithe agus le nochtadh maith, go n-aibíonn siad níos luaithe trí úsáid níos fearr a bhaint as solas na gréine agus, ag an am céanna, a n-aigéadacht shaintréitheach áitiúil agus a dtorthaíocht shainiúil a choinneáil, ar ceann de na nithe is tábhachtaí é maidir le fíonta leathshúilíneacha aeraithe Mór a tháirgeadh. Rud atá chomh ríthábhachtach céanna do tháirgeoirí áitiúla, ar rud é a chuidíonn le húire agus beocht na mbunfhíonta a chaomhnú le linn phróiseas táirgthe an fhíona, is ea saineolas na dtáirgeoirí áitiúla mar gur rud é a chruthaíonn, ar an dóigh sin, cáilíocht shonrach fhíon leathshúilíneach aeraithe Mór.

9. **Ceanglais shonracha eile (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Rialacha maidir le tásca

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar athraitheach gramadaí ainmneacha na mbardas uile atá údaraithe le haghaidh táirgthe sa limistéar geografach críochaithe, agus lena ngabhann an iarmhír dhíorthach '-i', a léiriú ar na lipéid freisin.

Tá sé sainordaitheach bliain déanta a léiriú i gcás gach fíona primeur agus gach fíona nua.

Nuair a léirítear bliain an fhíona, ní mór 85 % den fhíon a bheith de thionscnamh na bliana sin. Déantar eisceacht le haghaidh fíonta primeur nó fíonta nua, chomh maith le fíonta 'óghbhliana' nó 'an chéad bhuaint', agus, sa chás sin, ní mór 100 % den fhíon a bheith bainteach leis an mbliain ábhartha.

Féadfar na habairtí 'termőhelyen palackozva' (buidéalaithe sa limistéar táirgthe), 'termelői palackozás' (buidéalaithe ag an táirgeoir) agus 'pinceszövetkezetben palackozva' (buidéalaithe i gcomharchumann fíonlainne) a chur in iúl ar aon fhíon 'Mór/Móri'.

Is féidir an nath 'rozé' a chur in ionad 'rosé', agus an nath 'küvé' a chur in ionad 'cuvée'.

Féadfaidh fíonta 'küvé' nó 'cuvée' fíonta a fhaightear trí roinnt cineálacha fíniúna a chumasc a chur in iúl ar an lipéad, agus féadfar ainm na gcineálacha fíniúna arb iad an cuvée iad a chur in iúl in ord íslitheach cainníochta chun faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí. Má chuirtear in iúl ainmneacha na gcineálacha, ní mór ainmneacha na gcineálacha uile atá ann sa cuvée a chur in iúl.

Féadfar an nath 'Öreg tőkék bora' [Fíon na bhfíniúnacha seana] a áireamh ar an lipéad i gcás ina bhfuil ar laghad 85 % den fhíon de thionscnamh terroir ina bhfuil fíniúnacha os cionn 40 bliain d'aois.

Ceadaítear an nath 'birtokbor' [fíon a fhástar ón eastát] a úsáid ar fhíonta Mór ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíonchaora a úsáidtear mar amhábhar le haghaidh na bhfíonta ón limistéar a shaothraíonn an fhíonlann shonrach. I gcás gnóthaí teaghlaigh, féadfar an nath 'birtokbor' [fíon eastát-fhásta] a chur in iúl freisin ar lipéad na bhfíonta a tháirgtear i bhfíonghoirt arna saothrú ag baill teaghlaigh.

Ní fhéadfaidh na habairtí 'késői szüretelésű bor' [fíon buainte go déanach], 'válogatott szüretelésű bor' [fíon buainte roghnaithe], 'főbor' [príomhfhíon], 'jégbor' [oighearfhíon] agus 'töppedt szőlőből készült bor' [fíon déanta as fíonchaora rísínithe] a bheith le feiceáil ach amháin ar lipéad fíonta den scoth amháin.

Déantar léiriú an chineáil, agus léiriú a chomhchiallach, mar a shainítear sa reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir le haicmiú cineálacha fíniúna atá oiriúnach don fhíonóireacht a cheadú i gcás táirgí fíona Mór d'aon chatagóir, ach sin faoi réir na srianta agus na míreanna breise seo a leanas:

a. I gcás ina léirítear cineál amháin, ní mór gur as an gcineál sin a dhéantar 85 % den táirge.

b. I gcás ina léirítear roinnt cineálacha in iúl, ní mór gur as na cineálacha a léirítear a dhéantar 100 % den táirge.

c. Ní cheadaítear cineál a léiriú i gcás fíonta Mór a idirdhealaítear leis an nath srianta 'Muskotály' [Muscat].

Nathanna srianta eile a d'fhéadfaí a chur in iúl

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Tuairisc ar an gcoinníoll:

FÍON:

— an téarma traidisiúnta 'Muzeális bor' [fíon stairiúil]: geal, fíon den scoth

— 'Birtokbor' [Fíoneastát-fhásta]: na fíonta uile

— 'Öreg tőkék bora' [Fíon na bhfíniúnacha seana]: na fíonta uile

— 'Nuabhuainte' nó 'első szüret' [an chéad bhuaint]: na fíonta uile

— 'Muskotály' [Muscat]: fíon geal

— 'Cuvée' nó 'küvé': na fíonta uile

— 'Szűretlen' [Neamhscagtha]: fíon dearg

— 'Primőr' [Primeur] nó 'újbor' [fíon nua]: geal, rosé, dearg

— 'Barrique': geal, dearg, fíon den scoth

FÍON SÚILÍNEACH AR ARDCHAIGHDEÁN:

— 'blanc de blanc': fíon geal

— 'blanc de noir': fíon geal

— 'nyerspezsgő' [fíon súilíneach Brut]: geal, rosé

— 'muskotály' [Muscat]: fíon geal

— 'crémant': geal, rosé

— 'palackban erjesztett' [coipthe i mbuidéal]: geal, rosé

— 'termelői pezsgő' [Súilíneach an fhásóra]: geal, rosé

— 'hagyományos módszerrel palackban erjesztett' [coipthe i mbuidéal, agus úsáid á baint as an modh traidisiúnta], 'hagyományos módszer' (*méthode traditionelle*) [modh traidisiúnta], 'klasszikus módszer' (*méthode classique)*[modh clasaiceach], 'klasszikus hagyományos módszer' [modh traidisiúnta clasaiceach]: geal, rosé

— 'küvé' nó 'cuvée': geal, rosé

FÍON SÚILÍNEACH ARAMATACH AR ARDCHAIGHDEÁN:

— 'muskotály' [Muscat]

— 'küvé' nó 'cuvée'

FÍON LEATHSHÚILÍNEACH AERAITHE:

— 'muskotály' [Muscat]

— 'küvé' nó 'cuvée'

Aonaid gheografacha níos lú is féidir a úsáid de bhreis ar ATFC 'Mór'

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Maidir le fíonta Mór atá lipéadaithe le hainm bardais de chuid an limistéir gheografaigh, ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a bheith de thionscnamh fíonghort a aicmítear in aicme I nó in aicme II sa bhardas sin, agus féadfaidh suas go 15 % de na fíonchaora próiseáilte a bheith de thionscnamh codanna eile de limistéar táirgthe críochaithe Mór.

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar fíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Mór a tháirgeadh lasmuigh de bhardais an limistéir chríochaithe sna contaetha seo a leanas, díreach tadhlach leis an limistéar críochaithe, agus ina chuid bardas:

— Contae Fejér:

Bardais Aba, Alcsútdoboz, Bicske, Csabdi, Etyek, Felcsút, Gárdony, Gyúró, Igar, Kajászó, Kápolnásnyék, Lajoskomárom, Martonvásár, Mezőkomárom, Nadap, Pákozd, Pázmánd, Seregélyes, Sukoró, Szabadhídvég, Székesfehérvár, Tordas, Vál agus Velence

— Contae Bács-Kiskun:

Bardais Ágasegyháza, Akasztó, Apostag, Bácsalmás, Bácsszőlős, Ballószög, Balotaszállás, Bátmonostor, Bócsa, Borota, Bugac, Császártöltés, Csengőd, Csátalja, Csávoly, Csikéria, Csólyospálos, Dunapataj, Dunavecse, Dusnok, Érsekcsanád, Érsekhalma, Felsőlajos, Fülöpháza, Fülöpjakab, Hajós, Harkakötöny, Harta, Helvécia, Imrehegy, Izsák, Jakabszállás, Jánoshalma, Jászszentlászló, Kaskantyú,, Kecel, Kecskemét, Kelebia, Kéleshalom, Kerekegyháza, Kiskőrös, Kiskunfélegyháza, Kiskunmajsa, Kisszállás, Kunbaja, Kunbaracs, Kunfehértó, Kunszállás, Kunszentmiklós, Ladánybene, Lajosmizse, Lakitelek, Pirtó, Páhi, Rém, Solt, Soltszentimre, Soltvadkert, Sükösd, Szabadszállás, Szank, Szentkirály, Tabdi, Tázlár, Tiszaalpár, Tiszakécske, Tiszaug, Tompa, Vaskút agus Zsana

— Contae Komárom-Esztergom:

Bardais Ászár, Baj, Bajót, Bársonyos, Császár, Csép, Dunaalmás, Dunaszentmiklós, Esztergom, Ete, Kerékteleki, Kesztölc, Kisbér, Kocs, Lábatlan, Mocsa, Mogyorósbánya, Nagyigmánd, Neszmély, Nyergesújfalu, Süttő, Szomód, Tát, Tata, Tokod, Vértesketheły agus Vértesszőlős

— Contae Pest:

Bardais Abony, Albertirsa, Bénye, Budajenő, Budakeszi, Cegléd, Ceglédbercel, Csemő, Dány, Dömsöd, Gomba, Hernád, Inárcs, Kakucs, Kerepes, Kisnémedi, Kocsér, Kóka, Mogyoród, Monor, Monorierdő, Nagykőrös, Ócsa, Őrbottyán, Örkény, Páty, Pilis, Pilisborosjenő, Ráckeve, Szada, Szigetcsép, Szigetszentmárton, Szigetújfalu, Tápiószele, Tápiószentmárton, Telki, Tóalmás, Tököl, Újlengyel, Üröm, Vác, Vácegres agus Veresegyház

— Contae Tolna:

Bardais Alsónána, Alsónyék, Aparhant, Báta, Bátaapáti, Bátaszék, Bikács, Bölcske, Bonyhád, Bonyhádvarasd, Decs, Dunaföldvár, Dunaszentgyörgy, Dúzs, Fácánkert, Felsőnyék, Grábóc, Gyönk, Györe, Györköny, Harc, Hőgyész, Iregszemcse, Izmény, Kakasd, Kéty, Kisdorog, Kismányok, Kisszékely, Kisvejke, Kölesd, Lengyel, Madocsa, Magyarkeszi, Medina, Mőcsény, Mórágy, Mucsfa, Mucsi, Nagydorog, Nagymányok, Nagyszékely, Nagyszokoly, Ozora, Őcsény, Paks, Pincehely, Regöly, Sárszentlőrinc, Simontornya, Sióagárd, Szálka, Szekszárd, Tamási, Tengelic, Tevel, Tolna, Tolnanémedi, Váralja, Várdomb, Závod agus Zomba

— Contae Somogy:

Bardais Andocs, Balatonberény, Balatonboglár, Balatonendréd, Balatonkeresztúr, Balatonlelle, Balatonőszöd, Balatonszabadi, Balatonszemes, Böhönye, Csoma, Csurgó, Gyugy, Kaposhomok, Kaposkeresztúr, Karád, Kercseliget, Kéthely, Kötcse, Kőröshegy, Látrány, Lengyeltóti, Marcali, Mosdós agus Ordacsehi

— Contae Veszprém:

Bardais Ábrahámhegy, Alsóörs, Aszófő, Badacsonytomaj, Badacsonytördemic, Balatonakali, Balatonalmádi, Balatoncsicsó, Balatonederics, Balatonfüred, Balatonfőkajár, Balatonhenye, Balatonkenese, Balatonrendes, Balatonszepezd, Balatonszőlős, Balatonudvari, Balatonvilágos, Csopak, Csabrendek, Dörgicse, Felsőörs, Gyulakeszi, Hegyesd, Hegymagas, Káptalantóti, Kisapáti, Kővágóörs, Köveskál, Lesencefalu, Lesenceistvánd, Lesencetomaj, Lovas, Mencshely, Mindszentkálla, Monostorapáti, Monoszló, Nemesgulács, Nemesvita, Óbudavár, Örvényes, Paloznak, Pécsely, Raposka, Révfülöp, Salföld, Sáska, Sümeg, Sümegprága, Szentantalfa, Szentbékkálla, Szentjakabfa, Szigliget, Tagyon, Tapolca, Tihany, Uzsa, Vászoly, Zalahaláp agus Zánka

Eisceachtaí ón riail sin is ea fíonta den scoth, fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán, nach féidir a phróiseáil ach amháin laistigh den limistéar críochaithe.

Téarmaí traidisiúnta faoi chosaint

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an téarma traidisiúnta seo a leanas a úsáid mar chomhchiallach leis an téarma ‘ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint’: ‘védett eredetű bor’ [fíon de thionscnamh faoi chosaint]

Chun saintréithe an táirge a thuairisciú: ‘Muzeális bor’ [fíon stairiúil], ‘késői szüretelésű bor’ [fíon buainte go déanach] agus ‘válogatott szüretelésű bor’ [fíon buainte roghnaithe]

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://boraszat.kormany.hu/download/e/a5/43000/M%C3%B3r%20termekleiras_v3_1COM_kapcsolat%20jav%C3%ADt.pdf